



# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

---

**SCRÚDÚ na hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2015**

---

## **CEIMIC – GNÁTHLEIBHÉAL**

---

DÉ MÁIRT, 16 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 go dtí 5.00

---

**400 MARC**

---

Freagair **ocht** gceist ar fad.

**Ní mór dhá** cheist ar a laghad a fhreagairt as **Róinn A.**

Tá gach ceist ar cómharc (50).

---

**Ba chóir an t-eolas thíos a úsáid san áireamh agat.**

Maiseanna adamhacha coibhneasta (slánaithe): C = 12, O = 16, Ne = 20, Na = 23

Toirt mhólarach ag t.b.c. = 22.4 lítear


Tairiseach Avogadro =  $6.0 \times 10^{23}$  mol<sup>-1</sup>

**Tá cead agat úsáid a bhaint as an leabhrán *Foirmí agus Táblai* atá faofa lena úsáid sna Scrúduithe Stáit. Is féidir cóip a fháil ó fheitheoir an scrúdaithe.**

## Roinn A

**Freagair dhá cheist ar a laghad as an roinn seo. Féach na treoracha iomlána ar leathanach 1.**


1. (a) Úsáideadh an gaireas driogtha a thaispeántar sa léaráid chun ola chlóibh a eastóscadh as clóibh.



- (i) Cén téarma a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar an *saghas* driogtha a úsáidtear san eastóscadh seo?
- (ii) Ainmnigh an chuid den ghaireas a bhfuil an lipéad **A** air.
- (iii) Cén aidhm atá ag **A** sa turgnamh seo?
- (iv) Ar chóir go sreabhfadh an t-uisce fuar isteach ag **X** nó ag **Y**?
- (v) Déan cur síos ar an gcuma atá ar an eibleacht d'ola chlóibh agus d'uisce a bhailítear ag **B**. (20)


- (b) Chun an ola chlóibh a aonrú, doirteadh an eibleacht isteach i dtónnadhóir deighilte, cosúil leis an gceann a thaispeántar sa léaráid ar dheis, i dtús ama agus cuireadh roinnt cioglaiheacsáin leis mar thuaslagóir.

- (i) Tarraing struchtúr móilín de chioglaiheacsáin ( $C_6H_{12}$ ).
- (ii) Is é dlús an uisce ná  $1.0\text{ g in aghaidh an cm}^3$  agus is é dlús an chioglaiheacsáin ná  $0.8\text{ g in aghaidh an cm}^3$ .  
An ceart cur síos a dhéanamh ar an gciseal uachtarach sa léaráid leis an bhfocal *uiscí* nó leis an bhfocal *orgánach*?
- (iii) Déan cur síos ar cad ba chóir a dhéanamh chun a chinntíú gur chríochnaigh an ola chlóibh go léir san eibleacht sa chiseal orgánach.
- (iv) Conas a aonraíodh an ola chlóibh ón gcioglaiheacsán ansin? (30)




2. Ullmhaíodh tuaslagán de carbónáit sóidiam agus mais aithnid de carbónáit sóidiam ainhidiúil ( $\text{Na}_2\text{CO}_3$ ) á tuaslagadh in uisce dí-ianaithe in eascra agus á haistriú go dtí F, fleascán 500 cm<sup>3</sup> cosúil leis an gceann a thaispeántar sa léaráid.
- (a) Cén t-ainm a thugtar ar an saghas fleascáin a bhfuil an lipéad F air? (5)
  - (b) Luagh réamhchúram amháin a comhlíonadh chun a chinntiú gur in F a chríochnaigh an carbónáit sóidiam go léir san eascra. (3)
  - (c) Tarraig sceitse de fhleascán F i do fhreagarleabhar agus taispeán go soiléir dromchla an tuaslagáin in aice le líne L nuair a líontar an fleascán go dtí 500 cm<sup>3</sup> go díreach. (6)
  - (d) Minigh cén fáth a gcaithfear fleascán F a inbhéartú mórán uaireanta tar éis é a liónadh go dtí líne L agus stopallán a chur ann. (3)
  - (e) Ríomh an mhais de carbónáit sóidiam ainhidiúil ( $\text{Na}_2\text{CO}_3$ ) a bhíonn ag teastáil chun 500 cm<sup>3</sup> go díreach de thuaslagán de thiúchan 0.05 mol in aghaidh an lítr a ullmhú. (9)
- 

Fuarthas amach trí thoirtmheascadh gur 22.7 cm<sup>3</sup> de thuaslagán d'aigéad hidreaclórach a bhí ag teastáil chun 25.0 cm<sup>3</sup> den tuaslagán 0.05 M de carbónáit sóidiam a neodrú de réir na cothromóide cothromaithe seo a leanas:



- (f) Ainmnigh an píosa trealaímh a úsáidtear chun iad seo a thomhas:
  - (i) 25.0 cm<sup>3</sup> den tuaslagán de carbónáit sóidiam, (6)
  - (ii) 22.7 cm<sup>3</sup> den tuaslagán d'aigéad hidreaclórach atá ag teastáil le haghaidh neodrúcháin.
- (g) Ainmnigh táscare oiriúnach don toirtmheascadh seo. Luagh an t-athrú datha ar an táscare ag an gcríochphointe. (9)
- (h) Faigh tiúchan an tuaslagáin d'aigéad hidreaclórach ina móil in aghaidh an lítr. (9)

3. I saotharlann scoile, rinne grúpa mac léinn fiosrúcháin ar uisce as abhainn in aice leo.
- (a) Rinneadh tástáil lasrach chun tástáil le haghaidh iain photaisiam san uisce toisc níotráit photaisiam ( $\text{KNO}_3$ ) a bheith ag rith chun srutha ón leasú ar fheirmeacha sa cheantar. Cén dath lasrach a chuirfeadh in iúl go raibh potaisiam i láthair? (5)
  - (b) Sa léaráid taispeántar toradh tástála don ian níotráite in uisce na habhann.
    - (i) Cén dath a bhíonn ar an bhfáinne R i dtáistíl dheimhneach don ian níotráite?
    - (ii) Cén t-aigéad a chuirtear isteach le linn na tástála agus a dhéanann an ciseal íochtarach L?
    - (iii) Cén salann a úsáidtear mar imoibrí sa chiseal uachtarach U?
    - (iv) Cén fhadhb a d'fhéadfadh teacht chun cinn san abhainn de bharr an leasú a bheith ag rith chun srutha? (15)
  - (c) Déan cur síos ar na céimeanna a d'fhéadfadh na mic léinn a thógáil chun tiúchan na solad crochta in uisce na habhann a thomhas. (9)
  - (d) Le cabhair léaráid lipéadaithe, déan cur síos ar conas a d'fhéadfaí tiúchan na solad tuaslagtha a thomhas. (9)
  - (e) Fuair na mic léinn amach go raibh 0.03 g de sholaid chrochta i 500 cm<sup>3</sup> d'uisce na habhann agus go raibh 0.13 g de sholaid thuaslagtha in 200 cm<sup>3</sup> den uisce. Faigh:
    - (i) tiúchan na solad crochta ina graim in aghaidh an lítr,
    - (ii) tiúchan na solad tuaslagtha ina graim in aghaidh an lítr agus ina mg in aghaidh an lítr (c.s.m.) (12)



## Roinn B

Féach leathanach 1 maidir le líon na gceisteanna atá le freagairt.

4. Freagair **ocht** gcinn díobh seo a leanas (a), (b), (c), etc. (50)

- (a) Tá an dúil leis an uimhir adamhach 101, *Meindiléiviam*, ainmnithe in onóir an eolaí Rúisigh Dmitri Mendeleev. Cad a chuir Mendeleev leis an gCeimic gur thuill sé an onóir seo?
- (b) De réir theoríic adamhach Bohr, cad a tharlaíonn do leictreon in adamh hidrigine tar éis dó staid fhloschta a shroicheadh?
- (c) Cén cruth atá ar mhólín uisce?
- (d) Scríobh cothromóid chothromaithe don imoibriú a tharlaíonn nuair a dhónn maignéisiam in ocsaigin.
- (e) Cé mhéad leictreon a chomhroinntear idir na hadaimh (i) i nasc comhfhiúsach singil, (ii) i nasc comhfhiúsach triarach?
- (f) Breac síos dlí Boyle.
- (g) Ainmnigh dúil mhiotalach a úsáidtear mar catalaíoch sa tiontaire catalaíoch i ngluaisteán *nó* tabhair an tsiombail atá aici.
- (h) Tabhair ainm *nó* foirmle an aigéid charbocsailigh i bhfinéagar.
- (i) Cé acu ceann de na trí chéim de chóireáil camrais ar a mbaintear amach fosfáití agus níotráití?
- (j) Ainmnigh an teicníocht deighilte ina gcuirtear pas soghluaiste, ina bhfuil meascán ar iompar, ag gluaiseacht agus é i dteagmháil le pas cónaitheach atá asúiteach go roghnaíoch. Is féidir comhbáhair dhaite *nó* éadathacha a bheith sa mheascán.
- (k) Freagair cuid **A** *nó* cuid **B**.

**A** Sainaithin **dhá** ghás cheaptha teasa sa liosta seo a leanas:  
**ocsain**      **dé-ocsain**      **charbón**      **nítrigin**      **meatán**  
*nó*

**B** Sainaithin **dhá** mhiotal sa liosta seo a leanas a chreimtear go héasca agus iad nochta don aer:  
**cailciam**      **ór**      **mearcair**      **sóidiam**

5. Sa léaráid taispeántar cuid bheag de chriostal de chlóiríd sóidiam (**NaCl**) agus é comhdhéanta d'iain sóidiam agus d'iain chlóiríde atá aomtha go leictrestatach lena chéile. Is féidir criostail de chlóiríd sóidiam a thuaslagadh in uisce agus déanann an tuaslagán comhthorthach leictreachas a sheoladh.

(a) Cad is ian ann? (5)

(b) Tarraing léaráid chun leagan amach na leictreón in adamh sóidiam a thaispeáint. Mínigh i bhfocail conas a dhéantar *ian* sóidiam as *adamh* sóidiam. (9)

(c) Tarraing léaráid chun leagan amach na 17 leictreón go léir in adamh clóirín a thaispeáint. Mínigh i bhfocail conas a dhéantar *ian* clóiríde as *adamh* clóirín. (9)

(d) Cén fáth a bhfuil adaimh chlóirín níos lú ná adaimh shóidiam? (6)


(e) Sainmhínigh *leictridhiúltacht*.

Bain úsáid as luachanna leictridhiúltachta (lch 81 den leabhrán *Foirmí agus Táblai*) chun an saghas naschta i móilín uisce a réamhinsint.

Mínigh cén fáth

(i) ar féidir clóiríd sóidiam a thuaslagadh in uisce,

(ii) ar féidir le tuaslagán de chlóiríd sóidiam leictreachas a sheoladh. (21)



6. Féach ar na comhdhúile A go dtí E sa tábla ar dheis agus freagair na ceisteanna thíos.

- (a) Cén fáth ar féidir hidreacarbón a thabhairt ar na comhdhúile seo go léir? (5)
- (b) Tabhair ainmneacha IUPAC ar **thrí** cinn ar bith de na comhdhúile seo. (9)
- (c) Cé acu ceann de na cúig chomhdhúil  
 (i) a úsáidtear chun miotail a ghearradh agus a tháthú le hocsaicéitiléin,  
 (ii) atá ina phríomh-chomhbhar de ghás nádúrtha,  
 (iii) atá ina ailcéin,  
 (iv) atá ina chomhbhar de ghás peitriliam leachtach (GPL nó LPG i mBéarla)? (18)

<b>A</b>	$\text{CH}_4$
<b>B</b>	$\text{C}_2\text{H}_2$
<b>C</b>	$\text{C}_3\text{H}_6$
<b>D</b>	$\text{C}_3\text{H}_8$
<b>E</b>	$\text{C}_6\text{H}_5\text{CH}_3$



- (d) Dónn gach ceann de na comhdhúile seo i bhfarasbarr ocsaigine agus táirgeann siad an **dá** tháirge chéanna. Tabhair ainmneacha *nó* foirmí an dá tháirge seo. (6)
- (e) Tá comhdhúil E aramatach. Mínigh *aramatach* i dtéarmaí struchtúr ceimiceach. An mbeifeá ag súil leis go mbeadh uimhir ochtání ard ag E? Mínigh do fhreagra. (12)

7. (a) Sainmhínigh (i) aigéad, (ii) bun. (8)

- (b) (i) Sainmhínigh pH.  
 (ii) Tá luachanna pH de 1, 6 agus 4 faoi seach ag na tuaslagáin **A**, **B** agus **C**. Leag amach na tuaslagáin in ord *méadaitheach* a n-aigéadachta.  
 (iii) Ríomh pH tuaslagán 0.03 M d'aigéad sulfarach ( $\text{H}_2\text{SO}_4$ ). (18)
- (c) D'fhéadfadh na próisis seo a leanas a bheith i gceist i gcóireáil uisce óil:

<b>flocasúchán</b>	<b>clóiríniúchán</b>	<b>coigeartú pH</b>
--------------------	----------------------	---------------------


- (i) Cad is flocasúchán ann?  
 (ii) Cén fáth a gcuirtear clóirín le huisce óil? Tabhair míbhuntáiste amháin a bhaineann leis an iomad clóirín a chur leis an uisce agus é á chóireáil lena ól.  
 (iii) Luaigh fadhb amháin a d'fhéadfadh tarlú dá mbeadh pH an uisce óil ró-íseal. Cad a chuirtear isteach san uisce má tá an pH ró-íseal? (24)

8. Déan staidéar ar an scéim imoibriúcháin thíos agus freagair na ceisteanna a leanas.




- (a) Tabhair ainm IUPAC ar **W** agus tarraing a struchtúr móilíneach. (8)

- (b) Sa léaráid taispeántar **W** á ullmhú as eatánól.  
 (i) Tabhair ainm *nó* foirmle chomhdhúil **C**.  
 (ii) Rangaigh an cineál imoibriúcháin mar shuimiúchán, ocsáidiúchán nó díbirt. (12)
- (c) (i) Mínigh cad is brí lena rá go bhfuil **W** neamhsháithithe.  
 (ii) Déan cur síos ar conas a dhéanfá tástáil chun a dheimhniú go bhfuil **W** neamhsháithithe. (15)



- (d) Déantar comhdhúil **X** i gcorp an duine nuair a dhéantar eatánól a mheitibiliú.  
 (i) Ainmnigh comhdhúil **X**.  
 (ii) An imoibriú suimiúcháin, ocsáidiúcháin nó malartaithe é tiontú an eatánól ina **X**?  
 (iii) Cé acu ceann den dá chomhdhúil, **W** nó eatánól, a mbeifeá ag súil leis a bheadh níos intuaslagtha in uisce? Cén fáth? (15)

9. Fiosraíodh ráta táirgthe dé-ocsaíd carbóin as an imoibriú idir tuaslagán d'aigéad hidreaclórach (**HCl**) agus carbónait chailciám (**CaCO<sub>3</sub>**) i sliogáin mhara bhriste. Agus an gaireas a thaispeántar á úsáid, doirteadh an t-aigéad anuas ar na sliogáin mhara chun an t-imoibriú a thosú. Agus gás-steallaire á úsáid, tomhaiseadh toirt an gháis a bailíodh ag eatraimh aon nójimead amháin agus tugtar na torthaí sa tábla thíos.



Am (nójimead)	0	1	2	3	4	5	6	7	8
Toirt (cm <sup>3</sup> )	0	21	36	46	53	57	59	60	60

- (a) Sainmhínigh ráta imoibriúcháin. (5)
- (b) Tarraing graf, ar ghrafpháipéar, de thoirt (*y*-ais) in aghaidh an ama (*x*-ais). (15)
- (c) Mínigh cén fáth a laghdaíonn ráta an imoibriúcháin le himeacht ama. (6)
- (d) Agus an turgnamh á dhéanamh, conas atá a fhios agat go bhfuil an t-imoibriú críochnaithe? (6)
- (e) (i) Bain úsáid as do ghraf chun a fháil amach cén toirt de dhé-ocsaíd carbóin a bhí táirgthe tar éis 3.5 nójimead. (9)
- (ii) Ríomh meánráta táirgthe na dé-ocsáide carbóin, ina cm<sup>3</sup> in aghaidh an nójimead, ar feadh na chéad 3.5 nójimead.
- (f) Cén tionchar a bheadh aige ar ráta an imoibriúcháin  
 (i) dá n-úsáidfí sliogáin mhara a bhí brúite ina bpúdar in ionad na sliogán briste,  
 (ii) dá gcuirfí an toirt chéanna de thuaslagán **HCl** níos tiubhaithe in áit an aigéid,  
 (iii) dá gcuirfí fleascán an imoibriúcháin in oighearuisce? (9)

10. Freagair **dhá** cheann ar bith de na codanna (a), (b) agus (c). (2 × 25)

- (a) Déan cóip den tábla agus líon isteach é. (15)

Iseatóp	Uimhir Adamhach	Maisuimhir	Líon na Neodrón
<b>10</b> B 5			
<b>11</b> B 5			


- (i) Tá iseatóip radaighníomhacha ag roinnt dúile. Sainmhínigh an téarma a bhfuil líne faoi. (6)
- (ii) Sa turgnamh inar aimsíodh an núicléas adamhach, rinne Rutherford scragall tanaí miotail a thuairgneáil le halfa-cháithníní as iseatóp radaighníomhach. Cén dúil a ndearnadh an scragall miotail aisti? (4)

- (b) Cad is imoibriú eisiteirmeach ann?

Aimhnigh an uirlis a úsáidtear chun luachanna calracha bianna difriúla a thomhas go cruinn. (10)

Sainmhínigh *teas dócháin* substainte.

Dónn dá mhól heacsáin (**C<sub>6</sub>H<sub>14</sub>**) in aer de réir na cothromóide cothromaithe seo a leanas.



Ríomh *teas dócháin* heacsáin.

An bhfuil an t-imoibriú seo eisiteirmeach? Tabhair cúis le do fhreagra. (15)

- (c) (i) Cén mhais atá i mól amháin neoin (**Ne**)? (7)
- (ii) Cé mhéad mól atá i 5 g de ghás neoin? (6)
- (iii) Cé mhéad adamh atá sa chainníocht seo de neon? (6)
- (iv) Cén toirt a thógann an chainníocht seo de ghás neoin ag t.b.c.? (6)



11. Freagair **dhá** cheann ar bith de na codanna (a), (b) agus (c).

(2 × 25)

- (a) Tá na focail seo a leanas fágtha amach as an sliocht thíos.

**sinc      ghnóthaítéar      chailltear      ocsáidiú      dí-ocsáídítéar      ocsdí**

Scríobh i do fhreagarleabhar an focal a fhreagraíonn do gach uimhir (1 go dtí 6).

In imoibriú 1, aistrítear leictreoin ó shubstaint amháin go dtí substaint eile. Nuair a 2 leictreoin deirtear go bhfuil an tsubstaint ocsáidithe agus nuair a 3 leictreoin bionn an tsubstaint dí-ocsáidithe. San imoibriú




4 na hiain chopair agus is é 5 an dí-ocsáideoir. Dá bhrí sin, is fusa sinc a 6 ná copar.

Luaigh breathnú **amháin** a dhéantar nuair a imoibríonn sinc le sulfait chopair.

(25)

- (b) Leagtar amach cothromaíocht cheimiceach idir gás nítrigine, gás hidrigine agus gás amónia ag teocht agus brú áirithe de réir na cothromóide cothromaithe seo a leanas.



Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.

(7)

Scríobh slonn le haghaidh thairiseach cothromaíochta ( $K_c$ ) an imoibriúcháin seo.

(6)

Cén tionchar a bheadh ag méadú brú ar thoradh na hamónia i gcothromáiocht? Mínigh do fhreagra.

Baintear úsáid as an cothromaíocht seo i bpróiseas Haber chun amónia a dhéanamh go tionsclaíoch.

Tabhair cúis amháin **nach** úsáidtear brúnna an-ard i bpróiseas Haber.

(12)

- (c) Freagair cuid **A** nó cuid **B**.

**A**

(i) Táirgtear gás ocsaigine ( $\text{O}_2$ ) go tionsclaíoch le leachtú agus driogadh codánach aeir. Cén gás eile atá ina phríomhtháirge den phróiseas seo?

Cén céatadán, go garbh, den dara gás seo atá san atmaisféar?

Tabhair úsáid fhorleathan a bhaintear as an dara gás seo.

(10)

(ii) Ainmnigh an saghas eile de ghás ocsaigine ( $\text{O}_3$ ) a dhéantar san strataisféar.

Cén iarmháirt thairbheach don timpeallacht atá ag  $\text{O}_3$ ?

Sainaithin grúpa de cheimiceáin a dhéanann dochar do  $\text{O}_3$ .

(15)

**nó**

**B**

Sa léaráid taispeántar foirnéis soinneáin a úsáidtear chun miotal iarainn a eastóscadh as amhiarann. Cuirtear amhiarann isteach sa lucht ag an mbarr fad atá aer te á chaidéalú isteach ag an mbun, mar a thaispeántar. Sileann iarann leáite anuas agus baintear amach ag an mbun é. Déantar eisíontais leáite, atá ar snámh ar an iarann, a bhaint amach ag oscailt X.

(i) Tabhair ainm **nó** foirmle amhiarainn amháin.


Ainmnigh substaint eile a chuirtear isteach sa lucht in éineacht leis an amhiarann.

Cén t-ainm a thugtar ar an eisíontas a bhaintear amach ag X?

Déantar an chuid is mó den iarann a tháirgtear a thiontú ina chóimhíotal d'iarann.

(ii) Ainmnigh an cóimhíotal seo.

Cén dúil eile a bhíonn i láthair i gcónai sa chóimhíotal seo?



(10)

# **Leathanach Bán**